ÁBHAR: **UIMHIR CHIORCLÁIN: 2011/06**

ATHRUITHE AR DHÉILEÁIL LE FAOISEAMH CÁNACH AR PHINSIN

DÁTA EISIÚNA:

31 Márta 2011

LUCHT LÉITHEOIREACHTA:

- Príomhoidí , Leas-phríomhoidí agus Múinteoirí i scoileanna deontaschúnta;
- Boird Ghobharnóirí scoileanna Deontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Institiúidí Breisoideachais; agus
- Forais eile leasmhara

CLÁR ACHOMAIR:

Soláthraíonn an Ciorclán seo eolas faoi athruithe ar dhéileáil le faoiseamh cánach ar phinsin

FIOSRÚCHÁIN:

Ba cheart aon fhiosrú faoi ábhar an Chiorcláin seo a sheoladh chuig:

David Baldrick
Teachers' Pensions
Department of Education
Waterside House
75 Duke Street
Gobnascale
Londonderry
BT47 6FP

STÁDAS AN ÁBHAIR:

Comhairle
Eolas do Mhúinteoirí

CÁIPÉISÍ GAOLTA:

CÁIPÉISÍ CEALAITHE:

DÁTA ÉAGA:

Neamhbhainteach

SUÍOMH GRÉASÁIN NA RO:

Tá an Ciorclán seo le fáil ar http://www.deni.gov.uk

TEIL: 028 7131 9000

FACS: 028 7131 9190

FÓGRA PINSIN

FÓGRA TÁBHACHTACH DO GACH MÚINTEOIR FAOI PHINSIN

ATHRUITHE AR DHÉILEÁIL LE FAOISEAMH CÁNACH AR PHINSIN

Tá Rialtas an RA ag cur i bhfeidhm athruithe ar an dóigh a ngearrtar cáin ar phinsin. Tá sé d'aidhm ag na hathruithe an faoiseamh cánach a dheonaítear don lucht is airde ioncam a theorannú.

Rialaíonn siad seo faoiseamh cánach pinsean:

- Liúntas Bliantúil (AA), an t-uasmhéid ceadaithe ardaithe a thig a chur ar luach cearta iomlána pinsin duine in aon bhliain sula mbeidh sé nó sí faoi dhliteanas cáin ioncaim bhreise a íoc. Tá luach £255,000 ar an Liúntas Bliantúil san am i láthair i 2010-11, agus
- Is féidir le duine Liúntas Saoil (LTA), is é sin an luach iomlán atá ar gach sochar pinsin (ach amháin an pinsean Stáit), a ghlacadh gan cáin bhreise a íoc. Déantar tástáil ar shochair phinsin taobh leis an LTA ag an am a nglacann an ball lena shochair phinsin. San am i láthair i 2010-11, is fiú £1.8m an Liúntas Saoil.

Athruithe ar an Liúntas Bliantúil (AA)

- Ón bhliain chánach 2011-12 amach laghdófar an Liúnta Bliantúil óna leibhéal reatha £255,000 go £50,000.

- Cuirfear luach ag fachtóir de 16:1 móide aon chnapshuim uathoibríoch ar phinsin le sochar sainithe don tástáil Liúntais Bhliantúil. (Táthar á luacháil san am i láthair ag 10:1 i 2010-11). Ciallaíonn sé seo go gcuntaisfear méadú de £1000 a d'fhabhraigh taobh istigh den bhliain sin mar £16,000 móide fíormhéid an ardaithe ar aon chnapshuim uathoibríoch.

- Feidhmeoidh an Liúntas Bliantúil anois sa bhliain ina n-éirítear as an obair.

- Beidh duine a mbíonn spíceáil aon uaire ina fhabhrú pinsin in ann Liúntas neamhúsáidte a iompar ar aghaidh ó na trí bliana roimhe sin le tionchar an ardaithe a fhritháireamh in aghaidh theorainn an £50,000.

- Beidh díolúine ó thástáil an Liúntais Bhliantúil ar fáil ag roinnt pinsean luathscoir ar shéala drochshláinte agus ag pinsin iarchurtha.

Ní rachaidh an AA úr i bhfeidhm ar bhunús mór na mball. Mar sin féin, thiocfadh dó go rachadh an laghdú san AA i bhfeidhm orthu sin atá ag saothrú thar £150,000 nó orthu sin a fhaigheann ardú suntasach pá mar gheall ar ardú céime chuig ról sinsearach. Tá an AA bunaithe ar an fhás i luach do shochar.

Sáróidh baill a dtagann méadú ar theidlíocht phinsin s'acu de níos mó ná £3,125 (arb é an AA de £50,000 agus é ÷ ar fachtóir de 16 é) i ndiaidh bhoilsciú an airgid sa bhliain inar tharla an tástáil ar an AA, teorainn an £50,000. Mar sin fein, gach seans go maolóidh an cead liúntais neamhúsáidte a iompar ar aghaidh ó na 3 bliana roimhe sin tionchar an athraithe. Beidh ball ar bith a sháraíonn teorainn an AA faoi dhliteanas pionós cánach a íoc agus íocfaidh an ball sin go díreach nó trí choigeartú sochair phinsin.

Táthar ag fanacht go fóill ar dhearbhú maidir le roinnt ceisteanna, freagracht as íoc an phionóis chánach ceann acu, ach is dócha nach bhfeidhmeoidh an tástáil AA i mbliain an bháis nó i gcás cnapshuimeanna a íocadh mar gheall ar thinneas foirceanta. Tá an Rialtas go fóill ag déanamh machnaimh ar an cheist cé acu a dhéanfar tástáil ar fheabhsuithe a tharla mar gheall ar dhrochshláinte thromchúiseach in aghaidh an AA agus cé acu a chomhlíonfaidh coinníollacha a cheadaíonn Sochar Éagumais Iomláin teist an HMRC ar dhrochshláinte thromchúiseach. Ní rachaidh tástáil an AA i bhfeidhm ar bhaill a d'fhág an scéim agus a chuir siar glacadh lena sochair chaomhnaithe (ach ab é gur fhabhraigh siad sa Tréimhse Ionchuir Phinsin reatha).

Déanfar ar shiúl leis an díolúine atá ann anois maidir le fabhruithe (neartú i bpinsean) sa bhliain a fhad le scor agus ní léir fós cé acu rachaidh nó nach rachaidh cúiteamh breise a d'íoc an fostóir i bhfeidhm ar an AA.

Athruithe ar an Liúntas Saoil Pinsean (LTA)

Ó 6 Aibreán 2012 amach, laghdófar an Liúntas Saoil (LTA) ó £1.8m go £1.5m. Seans go rachaidh sé seo i bhfeidhm ar bhaill a bhfuil (a) pinsean bliantúil de chorraidh is £65, 217 móide an gnáth-chnapshuim nó (b) pinsean bliantúil de £75,000 roimh ghlacadh na cnapshuime acu.

Comhairlítear do bhaill a shíleann go rachaidh na hathruithe i bhfeidhm orthu comhairle airgeadais neamhspleách a lorg.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar fhaoiseamh ó Cháin Pinsean ó shuíomh Ghréasáin an Státchiste: http://www.hm-treasury.gov.uk/consult_pensionsrelief.htm

Tá leathanach gréasáin a d'fhéadfadh bheith úsáideach dar teideal ' Cad é mar a théann an liúntas bliantúil laghdaithe i bhfeidhm ormsa?" cumtha ag HMRC agus is féidir teacht air ag:
http://www.hmrc.gov.uk/pensionschemes/annual-allowance/reduced.htm

ATHRUITHE CÁNACH PINSIN – FEABHRA 2011
CEISTEANNA AGUS FREAGRAÍ DO MHÚINTEOIRÍ

D'fhógair an Rialtas roinnt athruithe móra ar an réimeas pinsean agus cánach

1 Ón bhliain chánach 2011-12 amach, laghdófar an Liúntas Bliantúil (AA) ar choigilt atá faoi phribhléid chánach óna leibhéal reatha £255,000 go £50,000 (agus athróidh an bunús ata ag an ríomh)

2 Ó 6 Aibreán 2012 amach, laghdófar an Liúntas Saoil (LTA) óna leibhéal reatha de £1.8m go £1.5m.

3 Beidh cead ag daoine aonaracha trí bliana d'AA neamhúsáidte a iompar ar aghaidh.

Déantar iarracht trí na Ceisteanna agus na Freagraí seo a leanas na hathruithe seo agus an tionchar a d'fhéadfadh siad a bheith acu a mhíniú. Tabhair faoi deara mar sin féin go bhfuil an Rialtas ag déanamh a machnaimh go fóill ar roinnt gnéithe a bhaineann leis na hathruithe agus nach bhfuil freagraí deifnídeacha ar na ceisteanna uilig le fáil go fóill.

LIÚNTAS BLIANTÚIL

C Níl teacht isteach ard agamsa. Cinnte ní chiallaíonn cuid ar bith de seo a dhath domsa?

F Is é is dócha ná go rachaidh na hathruithe i bhfeidhm orthu sin atá ar thuarastail arda ach thiocfadh dó go rachadh sé i bhfeidhm ar bhaill a fhaigheann ardú suntasach pá.

Rachaidh sé i bhfeidhm ort má sháraíonn d'AA do "ranníocaíochtaí measta" in aon bhliain chánach ó 2011-12 amach. Mura n-úsáidfidh tú d'AA uilig taobh istigh de bhliain amháin tá cead agat suas le trí blaina d'AA neamhúsáidte a iompar ar aghaidh.

C Cad é atá i gceist le "ranníocaíochtaí measta"?

F Is é atá i ranníocaíochtaí measta iomlán:

- Na ranníocaíochtaí a dhéanann tú i scéim cheannaigh airgid mar Scéim

an AVC, sa chuntas pinsin **pháirtíochta,** i bpinsean páirtí leasmhair nó i bpinsean pearsanta; agus

- Luach na sochar atá bailithe agat in aon scéim le sochar sainithe mar Scéim Pinsean Mhúinteoirí Thuaisceart Éireann (NITPS). Ríomhtar é seo mar
    - 16 oiread an phinsin a bailíodh taobh istigh den bhliain, móide
    - An méadú ar aon chnapshuim uathoibríoch thar an bhliain.

- Ar mhaithe leis an ríomh seo, glactar leis gurb é atá sna sochair a saothraíodh i scéim le sochar sainithe i mbliain amháin (a aithnítear mar an tréimhse ionchuir) ná na sochair iomlána lúide sochair ag deireadh na tréimhse ionchuir a tháinig roimhe sin, a ndearnadh athluacháil orthu ar dhóigh éigin (mar shampla ar aon dul le boilsciú)

C Cad é mar a fheidhmíonn an Liúntas Bliantúil?

F Is é atá sa Liúntas Bliantúil luach na ranníocaíochtaí measta a thig leat a chur le pinsin a bhfuil faoiseamh cánach leo sula mbaintear amach táille chánach. San áireamh anseo tá ranníocaíochtaí measta le scéimeanna le sochar sainithe mar an NITPS agus fíor-ranníocaíochtaí a rinne tú féin agus d'fhostóir le scéim ranníocaíochta shainithe (mar chuntas pinsin **pháirtíochta** nó AVCanna le Prudential). Maidir le scéimeanna le sochar sainithe, ríomhfar ranníocaíochtaí measta ag tagairt do neartú sochar i rith na tréimhse ionchuir phinsin:

Ranníocaíochtaí measta = 16 x [P1 – P0 x (1 + r)] + L1 – L0 x (1 + r)
má bhíonn:

P1 = luach an phinsin ag deireadh na tréimhse ionchuir phinsin
P0 = luach an phinsin ag tús na tréimhse ionchuir phinsin
r = fachtóir athluachála (faoi réir an bhoilscithe)
L1 = luach aon chnapshuime ag deireadh na tréimhse ionchuir phinsin
L0 = luach aon chnapshuime ag tús na tréimhse ionchuir phinsin

C Cad é a tharlaíonn má sháraíonn mo ranníocaíochtaí measta an Liúntas Bliantúil?

F Cuirfear aon fharasbarr (i ndiaidh an Liúntas Bliantúil agus aon Liúntas incháilithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh a fhritháireamh), le d'ioncam incháinithe don bhliain chánach a bhíonn i gceist faoi réir ag cáin ioncaim ar an ghnáthdhóigh.

C Cad é an tréimhse ionchuir phinsin?

A Maidir leis an NITPS ritheann an tréimhse ionchuir phinsin ó 1 Aibreán fo 31 Márta. Is í an tréimhse ionchuir phinsin a bhaineann leis an bhliain chánach

2011-12 (chéad bhliain an réimis úir chánach) ná an bhliain ó 1 Aibreán 2011 go 31 Márta 2012.

C Feictear dom go bhfuil sé an-mhíchothrom mé a bhualadh le hathrú cánach ar an ábhar go bhfuair mé ardú céime.

F Mura mbainfidh tú úsáid as do Liúntas Bliantúil uilig i mbliain chánach ar bith, thig leat na liúntais neamhúsáidte a thabhairt leat go ceann trí bliana cánach ar a mhéad. Cuideoidh sé seo le cosaint a thabhairt dóibh sin nach sáródh an Liúntas Bliantúil de ghnáth. Feidhmeoidh méideanna barúlacha, bunaithe ar Liúntas Bliantúil sílte de £50,000, do na blianta cánach 2008-09, 2009-10, agus 2010-11 le húsáid i 2011-2012.

C Tá pinsean iarchurtha agam i scéim pinsean eile. Cad é a tharlóidh dó sin?

F Tá pinsin iarchurtha díolmhaithe ó réimeas nua an AA.

C An bhfuil aon díolúine ón Liúntas Bliantúil (AA)?

F Ní hionann is na socruithe a bhí ann (na socruithe reatha) feidhmeoidh tástáil an Liúntais Bhliantúil sa bhliain ina n-éirítear as an obair. Ní fheidhmeoidh an AA i mbliain an bháis i gcás pinsean nó cnapshuimeanna maidir le daoine a ndearnadh diagnóisiú drochshláinte tromchúisí (foirceanta) orthu. Tá sé curtha in iúl ag an Rialtas go ndéanfaidh siad a machnamh ar sochair a bhaineann le héirí as an obair ar shéal na drcohshláinte a dhíolmhú ó thástáil an AA.

LIÚNTAS SAOIL

C Cuir i gcuimhne dom mar a fheidhmíonn an Liúntas Saoil.

F Tá Liúntas Saoil (LTA) ag gach duine. Nuair a tharraingíonn tú pinsean (ar éirí as obair duit) baineann tú úsáid as cuid den LTA. Aon uair amháin a bheidh do LTA uile go léir úsáidte agat, beidh cáin ar LTA le híoc. Cuirtear luach de ghnách ar phinsin le fachtóir 20 ach feidhmíonn fachtóir 25 maidir le haon phinsean ar thosaigh a íocaíocht roimh 6 Aibreán 2006 (feic an sampla thíos). San am i láthair is fiú £1.8m an LTA.

C Tá rún agam éirí as an obair i Márta 2014. Cé gur fiú níos lú ná £1.5m mo phinsean anois, measaim gurbh fhiú thart ar £1.6m é i 2014, mar sin de shíl mé go mbeinn glan amach ó cháin LTA. An gciallaíonn sé seo go gcaithfidh mé éirí as an obair anois i Márta 2012 le go dtig liom an bualadh trom cánach seo a sheachaint?

F Molann lucht an Státchiste comhairliúchán a bheith ann faoi chosaint idirthréimhseach le daoine a chosaint a bhfuil potaí pinsin idir £1.5m agus

£1.8m bailithe acu cheana. Níl na mionsonraí ar fáil go fóill ach, mar gur fiú níos lú ná £1.5m do shochair san am i láthair, b’fhéidir nach mbainfeá leas as na bearta seo. Ba cheart cinneadh ar éirí as obair a dhéanamh go cúramach; cé gur cinnte gur cheart machnamh a dhéanamh ar chúrsaí cánach, ba cheart smaoineamh ar cheisteanna eile a bhaineann le hábhar.